



CAIRDE NA SCOILE

Nuachtlitir

Samhain 2015



Táimid socraithe ar ais sa scoilbhliain úr agus tá coiste Chairde an-ghnóthach ag pleanáil imeachtaí éagsúla don chuid eile den bhliain. Tá eolas faoi na himeachtaí sa nuachtlitir seo agus iarraimid oraibh aird a dhíriú ar Run a Muck agus Bags2School.

Dioscó Oíche Shamhna!

D'éirigh go hiontach le Dioscó Oíche Shamhna arís i mbliana. Ár mbuíochas le gach éinne a chabhraigh leis an eagrúchán agus ar an lá. Bhain na páistí an-sult as agus bhailigh muid €1,636.50.

Bag 2 School

Beimid ag bailiú éadaí arís i mbliana mar gur éirigh chomh maith leis an scéim anuraidh. Cabhraíonn sé libhse, leis an scoil agus le carthanthacht eile. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar http://www.bag2school.ie/irl/about_us/.

Beimid ag bailiú éadaí an tseachtain seo chugainn ag tosnú Dé Luain, an 23-11-15 agus ag críochnú Déardaoin, an 26-11-15. Seolfar málaí abhaile sna málaí scoile an tseachtain seo. Seol isteach príomh dhoras na scoile iad le bhur dtoil.

Glacfar leis na nithe seo a leanas sna málaí:

- Éadaí a bhaineann le fir, mná agus páistí
- Péirí bróga (ceangailte le chéile)
- Málaí Láimhe
- Hataí
- Málaí
- Scaifeanna & Carabhait
- Seodra
- Éadaí Cnis
- Criosanna
- Éadaí Boga
- Fóin phóca
- Taibléid
- Ceamaraí Digiteacha



Fág do mhála lán sa scoil idir an Luan, an 23-11-15 agus an Déardaoin, an 26-11-15, faoi seach le do thoil!

Rith sa bPuiteach!

Beidh Cairde na Scoile ag tabhairt tacaíochta d'fhoireann 32 tuismitheoirí a bheidh ag glacadh páirte sa dúshlan Rith sa bPuiteach ar an 5ú Márta 2016! Seo deis iontach do thuistí/aintíní/uncaíl/múinteoirí páirt a ghlacadh ar son na scoile. Más mian leat bheith páirteach le foireann na scoile, téigh i dteagmháil le Keira nó Eve ó choiste Chairde ag:

Keira Thornton, Cathaoirleach Chairde na Scoile – keirathornton21@yahoo.co.uk

Eve Murphy, Rúnaí Chairde na Scoile – evebulman@gmail.com



Cártaí Nollag 2015

Tá na samplaí seolta abhaile sna málaí scoile cheana féin. Más mian leat cártaí a ordú, iarrtar ort an fhoirm agus an t-airgead cuí a sheoladh ar ais i gclúdach litreach faoin Déardaoin, an 19-11-15. Ní féidir glacadh le horduithe i ndiaidh an dáta seo.

Féilirí 2016

Taimid ag obair ar fhéilirí GSBB 2016 a bheidh réidh Mí na Nollag 2015. Nuair a bheidh siad réidh, seolfar cóip amháin abhaile sa mhála scoile agus beidh rogha agat í a cheannach.

Bí Gníomhach – Cabhraigh linn!

Más suim leat bheith páirteach in aon cheann de na himeachtaí i mbliana (i.e. ullmhú, tae/caifé, glantachán, airgead a bhailiú, ticéid a dhíol srl) cuir ar an eolas muid- beidh áthas an domhain orainn an chabhair bhreise a fháil!

Le meas,
Cairde na scoile



Facebook

Is féidir a thuilleadh eolais agus grianghraif a fheiceáil ar ár leathanach Facebook <https://www.facebook.com/CairdeNaScoile>